C/2026/227

12.1.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12277 — GIC REALTY / BROOKFIELD / YES COMMUNITIES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/227)

1. An 23 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Brookfield Asset Management Ltd. ('Brookfield Asset Management', Ceanada), faoi rialú Brookfield Corporation ('Brookfield', Ceanada),

— MHParks LLC ('MHP', na Stáit Aontaithe), faoi rialú GIC (Realty) Private Limited ('GIC Realty', Singeapór),

— YES Communities, LLC ('YES', na Stáit Aontaithe), faoi rialú comhpháirteach indíreach GIC Realty agus Stockbridge YES Partners faoi láthair.

Gheobhaidh Brookfield agus GIC Realty rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar YES.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é Brookfield a úsáideann comhthiomsuithe de chaipiteal lánroghnach ar fud an domhain d'infheisteoirí ar fud a phríomhghnólachtaí, lena n-áirítear a ghnólacht bainistithe sócmhainní agus a ghnólachtaí oibriúcháin atá dírithe go príomha ar chumhacht agus aistriú in-athnuaite, bonneagar, cothromas príobháideach, agus réadmhaoin, agus ar chreidmheas corparáideach, sócmhainní réadacha agus cothromais liostaithe, agus léasú eitlíochta agus maoiniú speisialtachta,

— Is cuideachta phríobháideach é GIC Realty a bhfuil dliteanas teoranta aige agus atá corpraithe faoi dhlíthe Shingeapór. Is cuideachta sealbhaíochta é GIC Realty le haghaidh infheistíochtaí réadmhaoine a dhéantar thar ceann Rialtas Shingeapór agus feidhmíonn sé a chumhacht neamhspleách chinnteoireachta féin. Is fochuideachta ar lánúinéireacht indíreach de chuid GIC Realty é MHP, atá gníomhach sna Stáit Aontaithe amháin.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais YES: úinéir agus oibreoir pobal tithíochta monaraithe a dhíríonn ar thithíocht inacmhainne ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus ar mhuintearas a chothú do chónaitheoirí ar fud na Stát Aontaithe, a chuireann láithreáin baile ar cíos ar fáil, chomh maith le roghanna baile a fháil ar cíos agus a cheannach.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12277 — GIC REALTY / BROOKFIELD / YES COMMUNITIES

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË